



---

**An RGCS d'institiúidí an Aontas Eorpaigh:  
na cearta atá agat sa ré dhigiteach**

---

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2019

© An tAontas Eorpach, 2019

Is ceadmhach an foilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

Print ISBN 978-92-9242-378-0 doi:10.2804/202924 QT-03-18-551-GA-C  
PDF ISBN 978-92-9242-379-7 doi:10.2804/29515 QT-03-18-551-GA-N

## Cosaint sonraí sa ré dhigiteach

Tá saol an duine athraithe ag an teicneolaíocht ar go leor bealaí dearfacha. I ré dhigiteach an lae inniu, tá ról suntasach ag an idirlíon, ag mórshonraí, ag intleacht shaorga agus ag forbairtí teicneolaíocha eile inár ngníomhaíochtaí laethúla.

Mar sin féin, ní mór dúinn a chinntiú nach mbíonn ár luachanna á dtreorú ag forbairtí teicneolaíocha. Ba cheart go mbeimis in ann buntáiste a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus san am céanna tairbhe a bhaint as ár gcearta bunúsacha. Áirítear anseo an ceart bunúsach chun cosaint sonraí.

Tá rialacha nua an Aontais maidir le cosaint sonraí, atá infheidhme ó 2018, dírithe ar an todhcháí. Tá sé mar aidhm leo cosaint éifeachtach sonraí pearsanta a áirithiú sa ré dhigiteach.

Tá feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i dtaca le gach gnó agus eagraíocht atá ag oibriú san Aontas. Leagtar síos ann an caighdeán le haghaidh cosaint sonraí ar fud an domhain, trí chosaint sonraí pearsanta sa saol digiteach a áirithiú.

Tá rialacha nua maidir le cosaint sonraí d'institiúidí an Aontais Eorpaigh tugtha isteach, lena áirithiú go bhfuil an caighdeán cosanta sonraí laistigh d'institiúidí agus de chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh ag teacht leis an gcaighdeán cosanta sonraí dá bhforáiltear in RGCS. Is léiriú iad na rialacha seo ar na luachanna céanna, rud a thugann le fios do shaoránaigh an Aontais gur féidir leo tairbhe a bhaint as na cearta neartaíthe céanna nuair a bhíonn siad ag déileáil le institiúidí an Aontais is atá acu nuair a bhíonn siad ag déileáil le cuideachtaí, eagraíochtaí nó comhlachtaí poiblí eile faoin RGCS.




## Cosaint sonraí in institiúidí an Aontais Eorpaigh: Cad iad na cearta atá agat?

I ngeall ar nádúr thionscadal an Aontais Eorpaigh, is gá go mbeadh sonraí pearsanta á bpróiseáil ag institiúidí an Aontais Eorpaigh in go leor réimsí oibre. D'fhéadfaí go n-áireofaí anseo sonraí pearsanta a phróiseáil sa chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí eagraithe agus na sceimhlitheoireachta ar leibhéal an Aontais, i ndáileadh cistí de chuid an Aontais nó i mbainistiú na gcóras mórsála teicneolaíochta faisnéise, amhail an Córas Faisnéise Víosaí.

Is fostóirí iad institiúidí an Aontais freisin. Dá bhrí sin, próiseálann siad sonraí pearsanta nuair a earcaíonn siad nó nuair a láimhseálann siad faisnéis leighis maidir lena bhfoireann, mar shampla.

Baineann freagracht mhór le líon mór sonraí a phróiseáil go laethúil. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go dtabharfaidh an tAontas Eorpach ceannaireacht le dea-shampla, trí rialacha nua an Aontais maidir le cosaint sonraí a chur i bhfeidhm.

Má tá do shonraí pearsanta á mbailliú, á gcoinneáil nó á bpróiseáil ar aon slí eile, tagraítear duit faoin dlí um chosaint sonraí mar **dhuine is ábhar do na sonraí**. Ciallaíonn sé sin go bhfuil tú i dteideal cearta áirithe a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta.



Ní mór d'institiúidí an Aontais do shonraí pearsanta a phróiseáil **go cóir, go dleathach** agus **chun críocha dlísteanacha amháin**. Comhlánaítear an ceart ginearálta seo le roinnt ceart ar leith:



### An ceart chun trédhearcachta



Ní mór don rialaitheoir sonraí teanga shoiléir agus shimplí a úsáid nuair a chuireann sé/sí in iúl duit cén chaoi a ndéanfar do shonraí pearsanta a phróiseáil. Ní mór go mbeadh an fhaisnéis soiléir, gonta agus trédhearcach, agus ní mór an fhaisnéis sin a chur ar fáil duit i bhformáid atá inrochtana go héasca.



### An ceart chun rochtana

Tá sé de cheart agat faisnéis a fháil ó institiúid an Aontais i dtaobh an bhfuil do shonraí pearsanta á bpróiseáil ag an institiúid, an cuspóir atá leis an oibríocht phróiseála, na catagóirí sonraí lena mbaineann agus na faighteoirí a bhfuil do chuid sonraí á nochtadh dóibh, chomh maith leis an gceart rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta sin, arna bpróiseáil ag institiúid an Aontais Eorpaigh.



### An ceart go ndéanfaí léirscriosadh/An ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad



Mura bhfuil do shonraí pearsanta ag teastáil ón institiúid an Aontais níos mó, más rud é go dtarraingíonn tú siar do thoiliú nó má tá an oibríocht phróiseála neamhdhleathach, tá sé de cheart agat go ndéanfaí do shonraí a léirscriosadh.



### An ceart chun faisnéise

Tá sé de cheart agat go gcuirfí ar an eolas thú, mar shampla, má tá do shonraí próiseáilte, an cuspóir a bhí le próiseáil na sonraí agus céannacht an rialaitheora.



### An ceart go ndéanfaí ceartúcháin

Má tá do shonraí míchruinn nó neamhiomlán, tá an ceart agat na sonraí a cheartú.



### An ceart go gcuirfí srian le próiseáil

In imthosca áirithe, amhail má dhéanann tú conspóid in aghaidh chruinneas na sonraí próiseáilte nó mura bhfuil tú cinnte go ndéantar próiseáil ar do shonraí go dleathach, féadfadh tú iarraidh ar an rialaitheoir srian a chur leis an bpróiseáil sonraí.



### An ceart chun iniomparthacht sonraí



Faoin gceart sin, is féidir leat na sonraí fút féin atá i seilbh an rialaitheora a fháil agus na sonraí sin a aistriú ó rialaitheoir amháin go rialaitheoir eile. Nuair is féidir ó thaobh na teicneolaíochta de, ní mór don rialaitheoir an obair a dhéanamh duit.



## An ceart gan a bheith faoi réir chinnteoireacht aonair uathoibríthe, lena n-áirítear próifíliú

Tá sé de cheart agat gan a bheith faoi réir cinnidh atá bunaithe ar phróiseáil uathoibríthe amháin, lena n-áirítear próifíliú, a mbíonn iarmhairtí aige ort féin nó a mbíonn tionchar suntasach aige ort féin ar bhealach mórán mar an gcéanna.



## An ceart agóid a dhéanamh

Is féidir leat, ar fhorais dhlísteanacha láidre, agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na sonraí a bhaineann leat.



Is é atá i gceist le **sonraí pearsanta** aon fhaisnéis a bhaineann le **duine nádúrtha** in-sainaitheanta (go díreach nó go hindíreach). Is ionann duine nádúrtha in-sainaitheanta agus duine is féidir a shaináithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amháil ainm, uimhir aitheantais, sonraí súimh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó d'fhachtóirí a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhreach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin.

**Samplaí:** ainm, seoladh ríomhphoist, comhad measúnaithe bliantúil agus taifid sláinte leighis, chomh maith le faisnéis atá inaitheanta go hindíreach amháil uimhir phearsanra, seoladh IP, logáil naisc, uimhir facs, bíthmhéadracht, etc.

Ciallaíonn **rialaitheoir sonraí** an institiúid nó an comhlacht a chinneann cuspóirí agus modhanna na próiseála a dhéantar ar shonraí pearsanta. Go háirithe, tá sé de dhualgas ar an rialaitheoir cáilíocht sonraí a áirithiú agus, i gcás institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh, fógra a thabhairt don oifigeach cosanta sonraí maidir leis an oibríocht phróiseála. Ina theannta sin, tá an rialaitheoir sonraí freagrach as na bearta slándála a bhfuil na sonraí á gcosaint acu. Chomh maith leis sin, is é an rialaitheoir an t-eintiteas a fhaigheann iarratais ó ábhair sonraí chun a gcearta a fheidhmiú. Ní mór don rialaitheoir comhoibriú leis an oifigeach cosanta sonraí, agus is féidir leis/léi dul i gcomhairle leis an oifigeach cosanta sonraí chun tuairim a lorg maidir le haon cheist a bhaineann le cosaint sonraí.

Tagraíonn **próiseáil** d'aon oibríocht nó tacar oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amháil bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aighabháil, comhairliúcháin, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirsíodhadh nó díothú.

**Samplaí:** nós imeachta earcaíochta, nós imeachta um dhámhachtain deontais, liosta de shaineolaithe seachtracha, imeacht a bhainistiú, pictiúir a fhoilsiú, ardán comhoibríoch ar líne a chruthú do shaoránaigh nó do bhaill foirne.

Tarlaíonn próiseáil freisin nuair a chuireann institiúidí Eorpacha uirlis nó réiteach teicniúil ar fáil do Bhallstáit chun malartú faisnéise a éascú, agus ag an am céanna rochtain a choinneáil ar na sonraí pearsanta lena mbaineann nó clár a choinneáil maidir le logáil naisc a bhaineann leis an ardán.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na rialacha nua maidir le cosaint sonraí, léigh ár mbileoga eolais eile:

- **Próiseáil sonraí a dhoiciméadú: Treoir an MECS maidir le cuntasacht a áirithiú**
- **Rialacha nua maidir le cosaint sonraí d'institiúidí an Aontais Eorpaigh agus an tionchar a imríonn siad ORT**

nó féach ar [shuíomh gréasáin an MECS: https://edps.europa.eu/](https://edps.europa.eu/).

An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) — údarás neamhspleách an Aontais a bunaíodh in 2004, a eisíonn an bhileog eolais seo chun:

- faireachán a dhéanamh ar an bpróiseáil sonraí pearsanta atá á déanamh ag institiúidí agus comhlachtaí an AE;
- comhairle a thabhairt maidir le reachtaíocht um chosaint sonraí;
- comhoibriú le húdaráis den chineál céanna chun cosaint sonraí comhsheasmhach a áirithiú.

[www.edps.europa.eu](http://www.edps.europa.eu)



@EU\_EDPS



EDPS



An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí



Oifig Foilseachán  
an Aontais Eorpaigh